

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Go Buan Feasta leis an gCaidreamh Domhanda

## Plean um Chaidreamh Domhanda 2024–2028

# Brollach

## Ollscoil diantaighde dhomhanda is ea Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus tá sé mar uaillmhian straitéiseach aici cur le próifíl dhomanda COC agus leis an dea-thionchar domhanda a imrímid.

**Tá blianta caite againn ag cur ár dtaighde, ár gclár agus ár bpobail chun cinn, agus is é seo an chéad Phlean um Chaidreamh Domhanda de chuid na hOllscoile.**

Tá dúshláin i ndán don domhan nach rabhthas ag súil leo agus baintear leas sa Phlean seo as na ceithre philéar atá mar uaillmhian na hOllscoile:

- **Barrfheabhas Domhanda**
- **Tionchar Domhanda**
- **Compháirtíocht Dhomhanda agus**
- **Saoránacht Dhomhanda.**

Chuathas i gcomhairle le mórán agus tá an t-eolas seo, mar aon le luachanna na hOllscoile, mar bhonn le Plean na hOllscoile um Chaidreamh Domhanda atá tiomanta do phróiseas eiticiúil an chaidrimh dhomhanda ina n-úsáidtear a chuid saineolais, acmhainní agus clú chun dul i ngleic le mórdhúshláin an domhain. Tá sonraí, samhlacha achmainní nua agus samhail láidir agus ionchuimsitheach rialaithe mar bhunús an Phlean ina leagtar amach 5 ghníomh



tosaíochta faoi gach ceann de na 4 philéar thuasluaite agus ár gcláir bhliantúla oibre san áireamh ina bhfuil spriocanna intomhaiste chun an dul chun cinn a thaifeadadh ó bhliain go bliain. Táthar ag súil go mbeidh ár bPlean um Chaidreamh Domhanda dinimiciúil agus freagrúil i dtaca leis an domhan atá ag athrú thart timpeall orainn.

Tá cur chuige comhtháite agus comhoibritheach i gceist leis an bplean seo a phléann leis an ollscoil mar “Aon Ollscoil Amháin” agus é deartha chun lántairbhe a bhaint as acmhainní uile na sár-ollscoile seo d’fhonn éagsúlacht agus barrfheabhas a bhaint amach.

Táim ag súil le comhoibriú le mic léinn, baill foirne agus lenár bpáirtithe leasmhara chun an plean uaillmhianach seo a chomhlíonadh.

**An tOllamh Ursula Kilkelly**
An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda

# 4 Philéar dár gCaidreamh Domhanda

## 1. Barrfheabhas Domhanda

Cuirfidh mic léinn agus baill foirne chumasacha ó gach cearn den domhan le saibhreas COC faoi réir ag a thiomantas don éagsúlacht agus don bharrfheabhas.

## 2. Tionchar Domhanda

Imreoidh COC dea-thionchar ar mhórdhúshláin an domhain inár dtaighde, inár gcaidreamh le alumni agus inár gceannaireacht smaointeoireachta.

## 3. Compháirtíocht Dhomhanda

Beidh COC ina chomhpháirtí straitéiseach agus eiticiúil, ina mbainfear lántairbhe as ár ngréasáin agus ár gcompháirtíochtaí ar mhaithe leis an domhan go léir.

## 4. Saoránacht Dhomhanda

Cuirfidh COC an tSaoránacht Dhomhanda chun cinn san oideachas, sa taighde agus sa chaidreamh d’fhonn comhthuiscint a chothú.



# 1. Barrfheabhas Domhanda

Cuirfidh mic léinn agus baill foirne chumasacha ó gach cearn den domhan le saibhreas COC faoi réir ag a thiomantas don éagsúlacht agus don bharrfheabhas.

## Gníomhartha Tosaíochta

**Déanfaimid na gníomhartha seo a leanas:**

1. Cuirfimid lenár ndea-theist agus lenár ndea-thionchar domhanda ach samhail nua chumarsáide agus mhargaíochta, atá comhtháite, a chruthú agus a chur i bhfeidhm.
2. Glacfaimid le cur chuige atá comheagraithe agus bunaithe ar shonraí i leith earcú na mac léinn idirnáisiúnta chun cur le héagsúlacht agus barrfheabhas phobal ár nOllscoile.
3. Curifimid eispéireas ar ardchaighdeán ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta le linn a dturas iomlán mar mhic léinn, rud a léiríonn ar dtiomantas do rathúlacht na mac léinn.
4. Neartóimid ár gcomhchláir agus ár glcáir i gcomphháirt lenár gcomphháirtithe idirnáisiúnta faoi réir ag ár dtosaíochtaí straitéiseacha.
5. Tacóimid leis an bPlean Daoine agus Cultúir chun sárbhaill foirne ó gach cearn den domhan a mhealladh, rud a chinnteoidh go mbeidh clú ar an Ollscoil as éagsúlacht agus barrfheabhas a ball foirne.

# 2. Tionchar Domhanda

Imreoidh COC dea-thionchar ar mhórdhúshláin an domhain inár dtaighde, inár gcaidreamh le alumni agus inár gceannaireacht smaointeoireachta.

## Gníomhartha Tosaíochta

**Déanfaimid na gníomhartha seo a leanas:**

1. Forbróimid an dea-thionchar a imrímid ar dhúshláin dhomhanda agus béim á leagan againn ar thaighde straitéiseach i gcomhar.
2. Cuirfimid dlús leis an bhfeabhas atá tagtha ar an Ollscoil i ranguithe domhanda, ag cur lenár gcuid buanna.
3. Cuirfimid lenár ndea-thionchar domhanda le plean caidrimh atá uaillmhianach agus dírithe ar alumni agus páirtithe leasmhara, ina leagtar fócas ar chaidreamh le lucht tacaíochta agus le maoirseacht deontóirí.
4. Bainfimid lántairbhe as ár gcuid saineolais in Inbhunaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide inár gcuid taighde, clar agus oibríochtaí chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.
5. Glacfaimid le cur chuige straitéiseach chun ár ndea-theist shaibhir sna healaíona agus sa chultúr a fheabhsú ar bhonn idirnáisiúnta.



## 3. Comhpháirtíocht Dhomhanda

Beidh COC ina chomhpháirtí straitéiseach agus eiticiúil, ina mbainfear lántairbhe as ár ngréasáin agus ár gcomhpháirtíochtaí ar mhaithe leis an domhan go léir.

# Gníomhartha Tosaíochta

**Déanfaimid na gníomhartha seo a leanas:**

1. Bunóimid creat comhpháirtíochta um chearta daonna ina gcothaítear ár gcur chuige eiticiúil agus freagrach i leith an chaidrimh dhomhanda faoi réir ag ár gcuid luachanna.
2. Oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta éagsúla chun straitéis na hOllscoile a chur chun cinn agus chun cuspóirí Shaoránaigh Dhomhanda 2030, straitéis na hÉireann i leith cumais agus nuálaíochta idirnáisiúnta, a chur chun cinn.
3. Leabóimid cur chuige straitéiseach i leith na comhpháirtíochta, agus sinn ag obair le hollscoileanna agus gréasáin cheannródaíocha ar fud an domhain chun ár n-uaillmhian dhomhanda a chothú.
4. Bainfimid lántairbhe as na féidearthachtaí a bhaineann le Comhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha, UNIC, chun comhoibriú domhain a chothú lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus chun an Ollscoil a chur i gcroílár na hEorpa.
5. Tabharfaimid tús áite do réigiúin shuntasacha chun cur chuige straitéiseach a chur chun cinn i leith ár gcuid gníomhaíochtaí go léir um chaidreamh domhanda.

# 4. Saoránacht Dhomhanda

Cuirfidh COC an tSaoránacht Dhomhanda chun cinn san oideachas, sa taighde agus sa chaidreamh d'fhonn comhthuiscint a chothú.

## Gníomhartha Tosaíochta

**Déanfaimid na gníomhartha seo a leanas:**

1. Cuirfimid lenár dtiomantas don tSaoránacht Dhomhanda agus oideachas forbartha á leabú againnn, lena n-áirítear na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe, inár gcuraclam agus inár dtaighde faoi réir ag ár gcuraclam cónasctha.
2. Cruthóimid clú agus cáil do COC mar áit ina ndéantar gach féiniúlacht agus cultúr a cheiliúradh agus ina gcuirtear tuiscint idirchultúrtha chun cinn, faoi réir ag ár gcuid luachanna.
3. Forbróimid agus cothóimid beartas maidir le Teangacha do Chách chun rathúlacht, ionchuismitheacht, soghluaisteacht agus tuiscint chultúrtha a chinntiú dár gcuid mac léinn.
4. Cothóimid níos mó deiseanna soghluaisteachta chun na hollscoile, agus lasmuigh di, do mhic léinn agus baill foirne, lena n-áirítear malartú fisiciúil agus fíorúil, mar thaca le Saoránacht Dhomhanda.
5. Cuirfimid le dea-theist na hOllscoile mar Ollscoil Tearmainn mar chomhartha dár gcuid dualgas mar shaoránaigh dhomhanda i bhfad agus i gcéin.

**An tOllamh Ursula Kilkelly**
**An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda**

**University College Cork**
**vpglobal@ucc.ie**

**www.ucc.ie/en/global-engagement**

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh